C/2025/4105

25.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4105)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Pineau des Charentes'

PDO-FR-A0489-AM02 — 29.4.2025

1. **Ainm an táirge**

'Pineau des Charentes'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhia, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge de réir an tsainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Pineau des Charentes' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach atá an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Limistéar geografach críochaithe*

I bpointe 1 de Roinn IV de Chaibidil I dar teideal 'Limistéar geografach', scriosadh an liosta cantún agus cuireadh liosta bardas ina ionad.

Rinneadh an liosta sin a tharraingt suas i gcomhréir leis an gCód Geografach Oifigiúil atá i bhfeidhm. Déantar an leasú sin i gcomhthéacs chumasc agus ghrúpáil na mbardas. Mar sin féin, níl aon athrú tagtha ar an limistéar geografach.

Leasaíodh pointe 6, 'Limistéar geografach críochaithe', den doiciméad aonair.

2. *Aosú i gcoimeádáin darach*

Leasaíodh na codanna seo a leanas den tsonraíocht táirge chun 'coimeádán darach' a chur in ionad na bhfocal 'in adhmad' sna pointí nár sonraíodh úscra an phlanda iontu. Is é is cuspóir dó sin comhleanúnachas a thabhairt don tsonraíocht táirge ina hiomláine:

— Roinn IX, 'Próiseáil, táirgeadh, aosú, pacáistiú agus stóráil', pointe 3, 'Aosú',

— Roinn X, 'Nasc leis an limistéar geografach', pointe 2, 'Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge',

— Roinn XII, 'Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú', pointe 2, 'Forálacha speisialta'.

Ní leanann athrú ar aosú an Pineau as an athrú sin: déantar an t-aosú in adhmad darach cheana féin.

Is é atá i gceist leis an leasú mionsonra a chur leis an tsonraíocht táirge tríd an gcineál adhmaid a lua sa doiciméad sin, i.e. dair.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoi na pointí 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'agus 'Coinníollacha breise'.

3. *Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge*

De bhreis ar na leasuithe maidir le coimeádáin darach, leasaíodh pointe 2, 'Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge', de Roinn X, 'Nasc leis an limistéar geografach', chun dath agus dea-bholaithe *rosé* Pineau des Charentes a shoiléiriú. Ní dhéanann na leasuithe sin difear do shaintréithe an táirge.

Leasaíodh pointe 8, 'Tuairisc ar an bhfíon (ar na fíonta) [*sic*]' den doiciméad aonair.

4. *Teorainn táirgeachta uasta*

I gcás fíon licéir, leasaíodh an uastáirgeacht a leagtar síos i bpointe 2 de Roinn VIII de Chaibidil I. Méadaítear í ó 45 heictilítear go 52 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

Déantar an leasú sa chomhthéacs seo a leanas: Is fíon licéir é 'Pineau des Charentes' a dhéantar le húrfhíon fíonchaor atá treisithe le 'Cognac' [ar próiseas é sin ar a dtugtar *mutage*]. Dá bhrí sin, déantar táirgeacht an ainmniúcháin 'Pineau des Charentes' a ríomh ar bhonn tháirgeacht *mutage* 'Cognac' (ó bhliain N–1 nó ó bhliain roimhe sin) agus táirgeacht na n-úrfhíonta atá le treisiú ó bhliain N.

Dá bhrí sin, braitheann an teorainn táirgeachta le haghaidh 'Pineau des Charentes' ar tháirgeacht 'Cognac' (ó bhliain N–1 nó ó bhliain roimhe sin) agus ar tháirgeacht na n-úrfhíonta atá beartaithe chun 'Pineau des Charentes' a tháirgeadh ó bhliain N.

Tá méadú ag teacht ar tháirgeachtaí bliantúla an ATFC 'Cognac' ó bhí 2018 ann.

Dá bhrí sin, tá táirgeacht tháirge bailchríochnaithe an ainmniúcháin ag an teorainnluach táirgeachta uasta a leagtar síos sa tsonraíocht (45 hl/ha). Chun staideanna a sheachaint ina bhfuil sáinn, méadaíodh an teorainn táirgeachta i gcás fíon licéir ó 45 hl/ha go 52 hl/ha.

Leasaíodh pointe 5.2, 'Uastáirgeacht', den doiciméad aonair.

5. *Aosú*

Leasaíodh pointe 3 de Roinn IX de Chaibidil I chun an tréimhse aosaithe i gcás fíonta licéir *rosé* a laghdú.

Tagann aosú fíonta licéir *rosé* chun bheith roghnach. Is é is cuspóir don leasú sin:

— an soláthar a idirdhealú trí tháirgí níos torthaíche, nach bhfuil chomh milis céanna, a fhorbairt, agus, an tráth céanna, 'cumasc' fíor-riachtanach 'Cognac' in 'Pineau des Charentes' a choinneáil;

— feabhas a chur ar infheictheacht tráchtála na bhfíonta *rosé* trína gcur ar an margadh go luath sa séasúr;

— fadhbanna a bhaineann le cobhsaíocht ghearrthéarmach an dath *rosé* (ocsaídiú) a sheachaint agus rialú níos fearr a bhaint amach le himeacht aimsire ar dhath *rosé* na bhfíonta licéir sin.

Leasaíodh pointe 9, 'Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)', den doiciméad aonair.

6. *An dáta a chuirtear an táirge ar an margadh don tomhaltóir*

I bpointe 5(a) de Roinn IX de Chaibidil I, tugadh an dáta cur ar an margadh don tomhaltóir chun tosaigh ón 1 Meitheamh go dtí an 1 Márta den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Tá an leasú sin comhsheasmhach leis an leasú chun aosú in adhmad a dhéanamh roghnach le haghaidh an datha 'rosé' amháin. I gcomhthráth le mian an ghrúpa é a dhéanamh roghnach fíonta licéir *rosé* a aosú i ndair, rinne sé an tréimhse íosta aosaithe a laghdú faoi 3 mhí freisin.

Is é is cuspóir do na leasuithe sin:

— an soláthar a idirdhealú trí tháirgí níos torthaíche, nach bhfuil chomh milis céanna a fhorbairt, agus 'cumasc' fíor-riachtanach 'Cognac' in 'Pineau des Charentes' a choinneáil ar bun;

— feabhas a chur ar infheictheacht tráchtála na bhfíonta *rosé* trína gcur ar an margadh go luath sa séasúr;

— fadhbanna a bhaineann le cobhsaíocht ghearrthéarmach an datha *rosé* (ocsaídiú) a sheachaint agus rialú níos fearr a bhaint amach le himeacht aimsire ar dhath *rosé* na bhfíonta licéir sin.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

7. *Dáta na gluaiseachta idir trádstórais údaraithe*

I bpointe 5(b) de Roinn IX de Chaibidil I, rinneadh an tréimhse ar lena linn nach ceadmhach na fíonta licéir a bheith i gcúrsaíocht idir coimeádaithe trádstórais údaraithe a laghdú, i gcás fíonta licéir *rosé*, ón 1 Meitheamh go dtí an 1 Márta den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Leanann an leasú sin na hathruithe a rinneadh roimhe seo maidir le haosú agus maidir leis an dáta cur ar an margadh don tomhaltóir.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

8. *Ceanglais maidir le dearbhú*

Leasaíodh pointí 2 agus 3 de Roinn I agus Roinn II de Chaibidil II chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— tagairt na ndáileachtaí talún a scriosadh ón dearbhú táirgthe, ós rud é go bhfuil na dáileachtaí talún sin luaite cheana féin sa dearbhú maidir le leithroinnt dáileachtaí talún;

— an clár táirgthe agus an clár trádstóras a chumasc ar chúiseanna a bhaineann le simpliú riaracháin.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

9. *Na príomhphointí atá le seiceáil agus tagairtí a bhaineann le comhlachtaí cigireachta*

Rinneadh an tábla i gCaibidil III agus i Roinn II den chaibidil sin a thabhairt cothrom le dáta a mhéid a bhaineann leis an gclár tradstóras.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

10. *Tuilleadh modhnuithe*

Rinneadh leasuithe foirmiúla chun codanna áirithe den tsonraíocht táirge a cheartú nó a shoiléiriú:

— earráidí litrithe agus/nó earráidí cló a cheartú

— lua birt idirthréimhsigh a bhí imithe in éag a scriosadh (i bpointe 2 de Roinn XI de Chaibidil I).

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don tsubstaint.

Leasaíodh pointe 8, 'Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)', den doiciméad aonair.

11. *Cineálacha fíonchaor*

Rinneadh an liosta cineálacha fíonchaor a thabhairt cothrom le dáta sa doiciméad aonair chun é a thabhairt i gcomhréir leis an tsonraíocht ós rud é go raibh roinnt easnamh ann.

Cuireadh na cineálacha a leanas isteach: Cot N, Meslier Saint-François B, Sauvignon B, Trousseau Gris G.

Níl aon tionchar ag na leasuithe sin ar tháirgí Cot N, Sauvignon B agus Meslier St François B, a áirítear) san fhoraithne maidir le hainmniú ó bhí 1998 ar a laghad ann. Áiríodh Trousseau Gris sa tsonraíocht le hOrdú an 1 Aibreán 2019.

Leasaíodh pointe 7 den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Pineau des Charentes

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

3.1. *Fíon licéir*

3.2. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíon licéir é 'Pineau des Charentes' a dhéantar trí bhiotáille atá aosaithe lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnamh 'Cognac' a chur leis an úrfhíon fíonchaor (biotáille ó bhabhta driogtha roimhe sin). Bíonn sé geal, *rosé* nó dearg; féadfar an t-ainmniúchán a fhorlíonadh leis na téarmaí *vieux* ['sean'], *très vieux* ['an-sean'] nó *extra vieux* ['fíorshean'], ag brath ar an bhfad a aosaítear é i gcoimeádáin darach.

Is mar ghreadóg go príomha a dhéantar 'Pineau des Charentes' a thomhailt. Sa bhéal, cuireann sé úire agus maothlachas úrfhíon fíonchaor úr in iúl. Cumasctar isteach an 'Cognac', a rannchuidíonn le tathag agus le cothromaíocht ghinearálta an táirge, a bhuí go páirteach lena aosú i gcoimeádáin darach.

Bíonn dath idir dath buí na tuí agus buí órga éadrom ar 'Pineau des Charentes' geal agus is minic a forbraíonn sé dea-bholaithe diana, atá torthaíoch (torthaí úra nó torthaí criostalaithe) agus bláthach (bláthanna bána), mar aon le bolaithe meala. Maidir le 'Pineau des Charentes' dearg, a bhfuil dath domhain air, is minic a fhorbraíonn sé dea-bholaithe diana torthaí dearga agus dubha nuabhainte, mar aon le bolaithe éadroma spíosracha. Bíonn idir dath éadrom agus dath fúise ar an *rosé* 'Pineau des Charentes'. Is minic a fhorbraíonn sé dea-bholaithe torthaíocha agus bolaithe caor dearg agus torthaí foraoise.

Comhlíonann luachanna anailíseacha neamhthuairiscithe na teorainneacha a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 22

— Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte): 16

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 10

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) 75

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. An modh saothraithe

Is é 2 200 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha, agus is é 3 mhéadar nó níos lú an spásáil idir na sraitheanna.

Déantar fíniúnacha a phrúnáil agus 50 000 bachlóg ar a mhéad in aghaidh an heicteáir orthu agus baintear úsáid as na teicnící seo a leanas:

— prúnáil Guyot shingil nó dhúbailte, agus cána amháin nó nó dhó, agus péacán amháin nó dhó, ar an bplanda;

— prúnáil tródaim, agus trí bhachlóg ar a mhéad ar an péacáin.

Toirmisctear an t-uisciú.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíon licéir
   52 heictilítear in aghaidh an heicteáir
2. Úrfhíon
   85 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar buaint na bhfíonchaor, táirgeadh úrfhíona agus táirgeadh, aosú agus pacáistiú na bhfíonta licéir sna bardais a sainíodh ar dtús le Foraithne an 1 Bealtaine 1909, arna leasú, maidir le rialacháin riaracháin lena leagtar síos teorainneacha an réigiúin ag a bhfuil ceart eisiach i leith an ainm 'Cognac' le haghaidh a bhiotáillí.

Cumhdaíonn an limistéar geografach críoch na 739 mbardas seo a leanas nó codanna de bhardais, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil amhail ón 1 Eanáir 2023:

— I gcás Charente (16):

Bardais iomlána (266)

Agris, Aigre, Ambérac, Anais, Angeac-Champagne, Angeac-Charente, Angeduc, Angoulême, Ars, Asnières-sur-Nouère, Aubeterre-sur-Dronne, Aunac-sur-Charente, Aussac-Vadalle, Baignes-Sainte-Radegonde, Balzac, Barbezières, Barbezieux-Saint-Hilaire, Bardenac, Barret, Bassac, Bazac, Bécheresse, Bellevigne, Bellon, Berneuil, Bessac, Bessé, Birac, Blanzaguet-Saint-Cybard, Boisbreteau, Boisné-La Tude, Bonnes, Bonneuil, Bors (Canton de Charente-Sud), Bors (Canton de Tude-et-Lavalette), Bouëx, Bourg-Charente, Bouteville, Boutiers-Saint-Trojan, Brettes, Bréville, Brie, Brie-sous-Barbezieux, Brie-sous-Chalais, Brossac, Bunzac, Cellettes, Chadurie, Chalais, Challignac, Champagne-Vigny, Champmillon, Champniers, Chantillac, La Chapelle, Charmé, Charras, Chassors, Châteaubernard, Châteauneuf-sur-Charente, Châtignac, Chazelles, Chenon, Cherves-Richemont, Chillac, Claix, Cognac, Combiers, Condéon, Coteaux-du-Blanzacais, Coulgens, Coulonges, Courbillac, Courcôme, Courgeac, Courlac, La Couronne, Criteuil-la-Magdeleine, Curac, Deviat, Dignac, Dirac, Douzat, Ébréon, Échallat, Édon, Les Essards, Étriac, Feuillade, Fléac, Fleurac, Fontenille, Fouquebrune, Fouqueure, Foussignac, Garat, Gardes-le-Pontaroux, Genac-Bignac, Gensac-la-Pallue, Genté, Gimeux, Gond-Pontouvre, Les Gours, Grassac, Graves-Saint-Amant, Guimps, Guizengeard, Gurat, Hiersac, Houlette, L'Isle-d'Espagnac, Jarnac, Jauldes, Javrezac, Juignac, Juillac-le-Coq, Juillé, Julienne, Lachaise, Ladiville, Lagarde-sur-le-Né, Laprade, Lichères, Ligné, Lignières-Ambleville, Linars, Longré, Lonnes, Louzac-Saint-André, Lupsault, Luxé, Magnac-Lavalette-Villars, Magnac-sur-Touvre, Maine-de-Boixe, Mainxe-Gondeville, Mainzac, Mansle-les-Fontaines, Marcillac-Lanville, Mareuil, Marsac, Marthon, Médillac, Mérignac, Merpins, Mesnac, Les Métairies, Mons, Montboyer, Montignac-Charente, Montignac-le-Coq, Montmérac, Montmoreau, Mornac, Mosnac-Saint-Simeux, Moulidars, Mouthiers-sur-Boëme, Mouton, Moutonneau, Nabinaud, Nanclars, Nercillac, Nersac, Nonac, Oradour, Oriolles, Orival, Palluaud, Passirac, Pérignac, Pillac, Plassac-Rouffiac, Poullignac, Poursac, Pranzac, Puymoyen, Puyréaux, Raix, Ranville-Breuillaud, Reignac, Réparsac, Rioux-Martin, Rivières, La Rochette, Ronsenac, Rouffiac, Rougnac, Rouillac, Roullet-Saint-Estèphe, Ruelle-sur-Touvre, Saint-Amant-de-Boixe, Saint-Amant-de-Nouère, Saint-Aulais-la-Chapelle, Saint-Avit, Saint-Bonnet, Saint-Brice, Saint-Ciers-sur-Bonnieure, Saint-Cybardeaux, Saint-Félix, Saint-Fort-sur-le-Né, Saint-Fraigne, Saint-Front, Saint-Genis-d'Hiersac, Saint-Germain-de-Montbron, Saint-Groux, Saint-Laurent-de-Cognac, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Martial, Saint-Médard, Saint-Même-les-Carrières, Saint-Michel, Saint-Palais-du-Né, Saint-Preuil, Saint-Quentin-de-Chalais, Saint-Romain, Saint-Saturnin, Saint-Séverin, Saint-Simon, Saint-Sulpice-de-Cognac, Saint-Vallier, Saint-Yrieix-sur-Charente, Sainte-Sévère, Sainte-Souline, Salles-d'Angles, Salles-de-Barbezieux, Salles-de-Villefagnan, Salles-Lavalette, Sauvignac, Segonzac, Sers, Sigogne, Sireuil, Souffrignac, Souvigné, Soyaux, Le Tâtre, Torsac, Tourriers, Touvérac, Touvre, Triac-Lautrait, Trois-Palis, Tusson, Val des Vignes, Val-d'Auge, Val-de-Bonnieure, Valence, Vars, Vaux-Lavalette, Vaux-Rouillac, Verdille, Verrières, Verteuil-sur-Charente, Vervant, Vibrac, Vignolles, Villebois-Lavalette, Villefagnan, Villejoubert, Villognon, Vindelle, Vœuil-et-Giget, Vouharte, Voulgézac, Vouzan, Xambes, Yviers.

Bardais nach n-áirítear ach go páirteach (2):

Moulins-sur-Tardoire, ach i gcás limistéar bhardas tarmligthe Rancogne amháin (16274); La Rochefoucauld-en-Angoumois, ach i gcás limistéar bhardas tarmligthe Saint-Projet-Saint-Constant amháin (16344).

— I gcás Charente-Maritime (17):

Bardais iomlána (458)

Agudelle, Aigrefeuille-d'Aunis, Allas-Bocage, Allas-Champagne, Anais, Angliers, Angoulins, Annepont, Annezay, Antezant-la-Chapelle, Arces, Archiac, Archingeay, Ardillières, Ars-en-Ré, Arthenac, Arvert, Asnières-la-Giraud, Aujac, Aulnay, Aumagne, Authon-Ébéon, Avy, Aytré, Bagnizeau, Balanzac, Ballans, Ballon, La Barde, Barzan, Bazauges, Beaugeay, Beauvais-sur-Matha, Bedenac, Belluire, Benon, Bercloux, Bernay-Saint-Martin, Berneuil, Beurlay, Bignay, Biron, Blanzac-lès-Matha, Blanzay-sur-Boutonne, Bois, Le Bois-Plage-en-Ré, Boisredon, Bords, Boresse-et-Martron, Boscamnant, Bougneau, Bouhet, Bourcefranc-le-Chapus, Bourgneuf, Boutenac-Touvent, Bran, La Brée-les-Bains, Bresdon, Breuil-la-Réorte, Breuillet, Breuil-Magné, Brie-sous-Archiac, Brie-sous-Matha, Brie-sous-Mortagne, Brives-sur-Charente, Brizambourg, La Brousse, Burie, Bussac-Forêt, Bussac-sur-Charente, Cabariot, Celles, Cercoux, Chadenac, Chaillevette, Chambon, Chamouillac, Champagnac, Champagne, Champagnolles, Champdolent, Chaniers, Chantemerle-sur-la-Soie, La Chapelle-des-Pots, Chartuzac, Le Château-d'Oléron, Châtelaillon-Plage,

Chatenet, Chaunac, Le Chay, Chenac-Saint-Seurin-d'Uzet, Chepniers, Chérac, Cherbonnières, Chermignac, Chevanceaux, Chives, Cierzac, Ciré-d'Aunis, Clam, Clavette, Clérac, Clion, La Clisse, La Clotte, Coivert, Colombiers, Consac, Contré, Corignac, Corme-Écluse, Corme-Royal, La Couarde-sur-Mer, Coulonges, Courant, Courcelles, Courcerac, Courçon, Courcoury, Courpignac, Coux, Cozes, Cram-Chaban, Cravans, Crazannes, Cressé, Croix-Chapeau, La Croix-Comtesse, Dampierre-sur-Boutonne, La Devise, Dœuil-sur-le-Mignon, Dolus-d'Oléron, Dompierre-sur-Charente, Dompierre-sur-Mer, Le Douhet, Échebrune, Échillais, Écoyeux, Écurat, Les Éduts, Les Églises-d'Argenteuil, L'Éguille, Épargnes, Esnandes, Les Essards, Essouvert, Étaules, Expiremont, Fenioux, Ferrières, Fléac-sur-Seugne, Floirac, La Flotte, Fontaine-Chalendray, Fontaines-d'Ozillac, Fontcouverte, Fontenet, Forges, Le Fouilloux, Fouras, Geay, Gémozac, La Genétouze, Genouillé, Germignac, Gibourne, Le Gicq, Givrezac, Les Gonds, Gourvillette, Grandjean, Le Grand-Village-Plage, La Grève-sur-Mignon, Grézac, La Gripperie-Saint-Symphorien, Le Gua, Le Gué-d'Alleré, Guitinières, Haimps, L'Houmeau, Île-d'Aix, La Jard, Jarnac-Champagne, La Jarne, La Jarrie, La Jarrie-Audouin, Jazennes, Jonzac, Juicq, Jussas, Lagord, La Laigne, Landes, Landrais, Léoville, Loire-les-Marais, Loiré-sur-Nie, Loix, Longèves, Lonzac, Lorignac, Loulay, Louzignac, Lozay, Luchat, Lussac, Lussant, Macqueville, Marennes-Hiers-Brouage, Marignac, Marsais, Marsilly, Massac, Matha, Les Mathes, Mazeray, Mazerolles, Médis, Mérignac, Meschers-sur-Gironde, Messac, Meursac, Meux, Migré, Migron, Mirambeau, Moëze, Mons, Montendre, Montguyon, Montils, Montlieu-la-Garde, Montpellier-de-Médillan, Montroy, Moragne, Mornac-sur-Seudre, Mortagne-sur-Gironde, Mortiers, Mosnac, Le Mung, Muron, Nachamps, Nancras, Nantillé, Néré, Neuillac, Neulles, Neuvicq, Neuvicq-le-Château, Nieul-lès-Saintes, Nieulle-sur-Seudre, Nieul-le-Virouil, Nieul-sur-Mer, Les Nouillers, Nuaillé-d'Aunis, Nuaillé-sur-Boutonne, Orignolles, Ozillac, Paillé, Pérignac, Périgny, Pessines, Le Pin, Pisany, Plassac, Plassay, Polignac, Pommiers-Moulons, Pons, Pont-l'Abbé-d'Arnoult, Port-d'Envaux, Port-des-Barques, Les Portes-en-Ré, Pouillac, Poursay-Garnaud, Préguillac, Prignac, Puilboreau, Puy-du-Lac, Puyravault, Puyrolland, Réaux sur Trèfle, Rétaud, Rioux, Rivedoux-Plage, Rochefort, La Rochelle, Romazières, Romegoux, Rouffiac, Rouffignac, Royan, Sablonceaux, Saint-Agnant, Saint-Aigulin, Saint-André-de-Lidon, Saint-Augustin, Saint-Bonnet-sur-Gironde, Saint-Bris-des-Bois, Saint-Césaire, Saint-Christophe, Saint-Ciers-Champagne, Saint-Ciers-du-Taillon, Saint-Clément-des-Baleines, Saint-Coutant-le-Grand, Saint-Crépin, Saint-Cyr-du-Doret, Saint-Denis-d'Oléron, Saint-Dizant-du-Bois, Saint-Dizant-du-Gua, Saint-Eugène, Saint-Félix, Saint-Fort-sur-Gironde, Saint-Froult, Saint-Genis-de-Saintonge, Saint-Georges-Antignac, Saint-Georges-de-Didonne, Saint-Georges-de-Longuepierre, Saint-Georges-des-Agoûts, Saint-Georges-des-Coteaux, Saint-Georges-d'Oléron, Saint-Georges-du-Bois, Saint-Germain-de-Lusignan, Saint-Germain-de-Vibrac, Saint-Germain-du-Seudre, Saint-Grégoire-d'Ardennes, Saint-Hilaire-de-Villefranche, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-d'Angély, Saint-Jean-d'Angle, Saint-Jean-de-Liversay, Saint-Julien-de-l'Escap, Saint-Just-Luzac, Saint-Laurent-de-la-Prée, Saint-Léger, Saint-Loup, Saint-Maigrin, Saint-Mandé-sur-Brédoire, Saint-Mard, Saint-Martial, Saint-Martial-de-Mirambeau, Saint-Martial-de-Vitaterne, Saint-Martial-sur-Né, Saint-Martin-d'Ary, Saint-Martin-de-Coux, Saint-Martin-de-Juillers, Saint-Martin-de-Ré, Saint-Médard, Saint-Médard-d'Aunis, Saint-Nazaire-sur-Charente, Saint-Ouen-d'Aunis, Saint-Ouen-la-Thène, Saint-Palais-de-Négrignac, Saint-Palais-de-Phiolin, Saint-Palais-sur-Mer, Saint-Pardoult, Saint-Pierre-d'Amilly, Saint-Pierre-de-Juillers, Saint-Pierre-de-l'Isle, Saint-Pierre-d'Oléron, Saint-Pierre-du-Palais, Saint-Pierre-La-Noue, Saint-Porchaire, Saint-Quantin-de-Rançanne, Saint-Rogatien, Saint-Romain-de-Benet, Saint-Saturnin-du-Bois, Saint-Sauvant, Saint-Sauveur-d'Aunis, Saint-Savinien, Saint-Seurin-de-Palenne, Saint-Sever-de-Saintonge, Saint-Séverin-sur-Boutonne, Saint-Sigismond-de-Clermont, Saint-Simon-de-Bordes, Saint-Simon-de-Pellouaille, Saint-Sorlin-de-Conac, Saint-Sornin, Saint-Sulpice-d'Arnoult, Saint-Sulpice-de-Royan, Saint-Thomas-de-Conac, Saint-Trojan-les-Bains, Saint-Vaize, Saint-Vivien, Saint-Xandre, Sainte-Colombe, Sainte-Gemme, Sainte-Lheurine, Sainte-Marie-de-Ré, Sainte-Même, Sainte-Radegonde, Sainte-Ramée, Sainte-Soulle, Saintes, Saleignes, Salignac-de-Mirambeau, Salignac-sur-Charente, Salles-sur-Mer, Saujon, Seigné, Semillac, Semoussac, Semussac, Le Seure, Siecq, Sonnac, Soubise, Soubran, Soulignonne, Souméras, Sousmoulins, Surgères, Taillant, Taillebourg, Talmont-sur-Gironde, Tanzac, Ternant, Tesson, Thaims, Thairé, Thénac, Thézac, Thors, Le Thou, Tonnay-Boutonne, Tonnay-Charente, Torxé, Les Touches-de-Périgny, La Tremblade, Trizay, Tugéras-Saint-Maurice, La Vallée, Vanzac, Varaize, Varzay, Vaux-sur-Mer, Vénérand, Vergeroux, La Vergne, Vergné, Vérines, Vervant, Vibrac, Villars-en-Pons, Villars-les-Bois, La Villedieu, Villedoux, Villemorin, Villeneuve-la-Comtesse, Villexavier, Villiers-Couture, Vinax, Virollet, Virson, Voissay, Vouhé, Yves.

— I gcás Dordogne (24):

Bardais iomlána (3)

Parcoul-Chenaud, La Roche-Chalais, Saint Aulaye-Puymangou.

— I gcás Deux-Sèvres (79):

Bardais iomlána (10)

Beauvoir-sur-Niort, Le Bourdet, La Foye-Monjault, Granzay-Gript, Mauzé-sur-le-Mignon, Plaine-d'Argenson, Prin-Deyrançon, La Rochénard, Val-du-Mignon, Le Vert.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Colombard B

Cot N – Malbec

Folle Blanche B

Jurançon Blanc B

Merlot N

Merlot Blanc B

Meslier Saint-François B – Gros Meslier

Montils B

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Semillon B

Trousseau Gris G – Chauché Gris

Ugni Blanc B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Pineau des Charentes

Tá an limistéar geografach comhionann leis an limistéar geografach le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe 'Cognac' agus comhfhreagraíonn sé do cheann thuaidh abhantrach na hAcatáine. Níos sonraí fós, tá sé teorannaithe san iarthar ag an Aigéan Atlantach, ón limistéar feadh inbhear Gironde sa deisceart go Île de Ré agus Île d'Oléron sa tuaisceart, agus ar an taobh thoir, i dtreo Angoulême, ag na chéad bhunchnoic den Massif Central. Síneann sé thar cheithre roinn.

Tá an limistéar geografach comhdhéanta de chóimeálacha móra dríodair, ón Tréimhse Dhéanach Iúrasach go príomha (bruacha cailcreacha ar de thoradh dríodrú muirí iad), ó thuaidh ó líne Rochefort-Cognac, agus ón tréimhse Chailceach (athrú aolchloch Iúrasach chun cré a fhoirmiú ó dhíchailciú agus ó shil-leagain créanna, gaineamh agus cailceanna) ó dheas.

Tá aeráid mhuirí mheasartha ann. Bíonn an mheánteocht bhliantúil thart ar 13 °C agus bíonn chuid mhór gréine ann, is é sin tuairim is 2 100 uair an chloig in aghaidh na bliana. Tá an aeráid aonchineálach sa limistéar geografach, cé is moite de na limistéir chósta, ina bhfuil níos mó gréine agus raon teochta níos lú.

Bíonn an geimhreadh cineálta agus bogthais, agus bíonn líon beag laethanta seaca ann. Is beag an baol go mbeidh sioc ann san earrach ach d'fhéadfadh sé tarlú go dtí deireadh mhí na Bealtaine. Bíonn an samhradh te, gan bheith róthe, cé gur féidir tréimhse triomaigh a bheith ann.

Dáiltear an mheánbháisteach bhliantúil atá idir 800 mm agus 1 000 mm thar 130 go 150 lá ar feadh na bliana.

Is iad ithreacha cré-aolchloiche ar aolchloch na hithreacha is coitianta, cé go bhfuil éagsúlacht an-mhór i gceist leis an gcatagóir ithreacha sin. Is gnách gur uigeacht ghainmheach a bhíonn ag na hithreacha a fhaightear i limistéir chósta, go háirithe ar Île de Ré agus Île d'Oléron. Ní féidir talamh i limistéir atá soghabhálach i leith tuilte a úsáid le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh rialaithe.

Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc

Tá fíniúnacha á bhfás sa limistéar ó bhí aimsir na Róimhe ann. Plandaíodh an chéad fhíonghort in Saintonge sa tríú céad, agus uaidh sin leath sé ó dheas agus go lár na tíre, in Aunis agus in Angoumois (an t-ochtú haois).

De réir finscéil faoi 'Pineau des Charentes', in 1589, nuair a tháinig Anraí IV chun bheith ina rí, rinne déantóir fíona ciotach úrfhíon fíonchaor úr a dhoirteadh, de thaisme, isteach i mbairille ina raibh biotáille 'Cognac'. Ó tharla go raibh sé corraithe mar gheall ar a chiotrúntacht, chuir sé an bairille sa chúinne is dorcha dá shiléar fíona. Cúpla bliain ina dhiaidh sin, theastaigh uaidh an coimeádán a athúsáid agus fuair sé amach go raibh leacht gléigeal, órga, torthaíoch, láidir ann a bhí measartha uathúil.

Dá bhrí sin, is féidir a rá go bhfuil fíonta licéir ann a bhuí le biotáille 'Cognac' agus gur cuid dá stair iad.

Ar feadh tréimhse fhada, bhí fíonta licéir á dtomhailt ar an ngabháltas. Tá aitheantas 'Pineau des Charentes' bunaithe ar an traidisiún sin, ós rud é, fiú amháin sa lá atá inniu ann, nach mór na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh (cibé acu chun na húrfhíonta nó biotáille 'Cognac' a tháirgeadh a úsáidtear iad) teacht ó ghabháltas aonair.

Le himeacht ama, chuir na saothróirí fíniúna barr feabhais ar a gcleachtais chun saineolas uathúil a bhaint amach lena gcumhdaítear na nithe seo a leanas: ullmhú bhiotáille 'Cognac', roghnú na bhfíonchaor is aibí, an *mutage* ar táirge atá cobhsaí agus cothromaithe go horgánaileipteach a bhíonn mar thoradh air, agus an ealaín a bhaineann le baisceanna comhlántacha agus blianta fíona d'fhíonta 'Pineau des Charentes' a chumasc.

Sna 1920í, d'eagraigh an earnáil í féin trí 'Syndicat des Producteurs de Pineau des Charentes' a bhunú, a athainmníodh mar 'Syndicat des producteurs, de promotion et de propagande du Pineau des Charentes' in 1943.

Ar an 5 Iúil 1935, achtaíodh dlí chun Airteagal 12 de Ghníomh an 6 Bealtaine 1919 maidir le hainmniúcháin tionscnaimh a chosaint i gcás fíonta licéir atá incháilithe lena n-ainmniú mar 'Pineau des Charentes' a chur i bhfeidhm.

Aithníodh an t-ainmniúchán tionscnaimh rialaithe 'Pineau des Charentes' le Foraithne an 12 Deireadh Fómhair 1945. Dá bhrí sin, tá 'Pineau des Charentes' ar cheann de na chéad fhíonta licéir a thairbhigh den aitheantas sin sa Fhrainc.

Ar an meán, chun 'Pineau des Charentes' a tháirgeadh, is gá coibhéis dhá dháileacht talún a úsáid chun biotáille 'Cognac' a tháirgeadh agus dáileacht talún amháin chun úrfhíonta fíonchaor a tháirgeadh. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an saineolas a éiríonn as cleachtais stairiúla, roghnaíonn gach táirgeoir na dáileachtaí talún sin de chuid a ngabháltas arb iad na dáileachtaí talún is oiriúnaí chun úrfhíonta a tháirgeadh den chineál is saibhre ó thaobh siúcra de agus, an tráth céanna, déanann siad an chuid eile den limistéar dáileachta talún á fhorchoimeád chun fíonta aigéadacha a tháirgeadh a bhfuil cion íseal alcóil iontu agus atá oiriúnach chun biotáille 'Cognac' a tháirgeadh.

Déantar 'Pineau des Charentes' a aosú in adhmad, agus scil iontach á húsáid, rud a léiríonn na cleachtais agus an saineolas a úsáidtear chun biotáille 'Cognac' a tháirgeadh, agus ligeann sé sin don fhíon feabhsú agus a shainiúlachtaí aramatacha agus blais a fháil.

Baineann an ceanglas maidir leis an táirge a phacáistiú sa limistéar geografach leis na cleachtais táirgthe agus leis an traidisiún maidir le 'Pineau des Charentes' a thomhailt sa bhaile. Is é is aidhm dó saintréithe agus sainiúlacht an táirge a chaomhnú, ar táirge é a ullmhaítear de réir modh speisialta lena ngabhann aosú ar feadh tréimhse fada agus, an tráth céanna, trí spás a fhágáil chun cigireacht éifeachtúil a dhéanamh ar an táirge.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Aosú agus pacáistiú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór na fíonta licéir *rosé* a thabhairt aosú go dtí an 1 Márta den bhliain tar éis bhliain na buainte ar a laghad.

Déantar na fíonta licéir dearga a aosú ar feadh 12 mhí ar a laghad, lena n-áirítear 8 mí ar a laghad i gcoimeádáin darach.

Déantar na fíonta licéir geala a aosú ar feadh 18 mí ar a laghad, lena n-áirítear mhí ar a laghad i gcoimeádáin darach.

Déantar fíonta licéir atá incháilithe chun úsáid a bhaint as an téarma *vieux* ['sean'] a aosú ar feadh níos faide ná 7 mbliana i gcoimeádáin darach.

Féadfar cumasc de roinnt fíonta licéir a lipéadú mar *vieux*, ar choinníoll gur aosaíodh na fíonta licéir go léir atá ann ar feadh níos mó ná 7 mbliana i gcoimeádáin darach.

Déantar fíonta licéir atá incháilithe chun úsáid a bhaint as an téarma *très vieux* [‘an-sean’] nó a choibhéis *extra vieux* [‘fíorshean’] a aosú ar feadh níos mó ná 12 bhliain i gcoimeádáin darach.

Féadfar meascán de roinnt fíonta licéir a lipéadú mar *très vieux*, nó a choibhéis *extra vieux*, ar choinníoll gur aosaíodh na fíonta licéir go léir atá ann ar feadh níos faide ná 12 bhliain i gcoimeádáin darach.

Éiríonn an ceanglas maidir leis an táirge a phacáistiú sa limistéar geografach as na cleachtais táirgthe agus as an traidisiún a bhaineann le ‘Pineau des Charentes’ a thomhailt sa bhaile ar dtús, agus is é is aidhm dó saintréithe agus sainiúlacht an fhíona a chaomhnú.

Ní mór an táirge sin a ullmhú agus úsáid á baint as saineolas sonrach a mhéid a bhaineann le cumasc an fhíona agus lena aosú in adhmad i dtimpeallacht ocsaídiúcháin araon. Ar an gcúis sin, ní ceadmhach an táirge a iompar ar chor ar bith, agus ní mór aon láimhseáil tar éis aosaithe a bheith teoranta, ionas nach gcuirfear isteach ar na cáilíochtaí a fhaightear trí mhodh táirgthe atá tugtha chun foirfeachta go teicniúil. De bhreis air sin, trí phacáistíocht a theorannú don limistéar geografach, feabhsaítear inrianaitheacht agus éascaítear cigireacht ar an táirge.

Cuirtear na fíonta ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra i mbuidéil ghloine lena ngabhann capsúl nó stampa ráthaíochta.

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

— Féadfar bliain fíona a chur in iúl i gcás fíon licéir má bhaineann 100 % den fhíon le bliain táirgthe an ‘Pineau des Charentes’.

— Féadfar ainm an ainmniúcháin a fhorlíonadh leis na téarmaí *vieux* [‘sean’] nó *très vieux* [‘an-sean’] (nó a choibhéis *extra vieux* [‘fíorshean’]) i gcás fíonta licéir a chomhlíonann na coinníollacha táirgthe a leagtar síos le haghaidh na dtéarmaí sin sa tsonraíocht seo.

— Údaraítear tagairt aoise le haghaidh Pineau des Charentes i gcás ina raibh tréimhse aosaithe 3 bliana i gcoimeádán darach i gceist. Ní ceadmhach an aois a chuirtear in iúl a bheith níos mó ná an fad ama a caitheadh chun an táirge a aosú i gcoimeádán darach. I gcás fíonta cumaiscthe, is í an aois a chuirtear in iúl aois na baisce lena ngabhann an tréimhse aosaithe is giorra i gcoimeádán darach.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-e7eb365b-7e69-4429-af7a-ceb0d91ad85e